

Conas a Thairgeann Dlí an AE Cosaint ó Idirdhealú um Chlaonadh Gnéasach

Toirmiscítear aon idirdhealú bunaithe ar aon bhonn amhail gnéas... nó treoshuíomh gnéasach. Cairt um Chearta Bunúsacha an AE (Airteagal 21).

Tugann Airteagal 13 de Chonradh an Chomhphobail Eorpaigh cumhacht don AE reachtaíocht a chruthú chun dul i gcomhrac le hidirdhealú ar fhoras an chlaonta ghnéasaigh. I láthair na huaire, tá reachtaíocht cruthaithe ag an AE chun dul i gcomhrac le hidirdhealú um chlaonadh gnéasach i réimse na fostaíochta amháin. Cuireann an **Treoir um Chomhionannas Fostaíochta** toirmeasc ar idirdhealú a bhaineann le rochtain agus coinníollacha fostaíochta agus féinfhostaíochta, gairmoiliúna, mar aon le treoir agus ballraíocht eagraíochtaí oibrithe agus fostóirí. Baineann é seo leis an earnáil phríobháideach agus leis an earnáil phoiblí faoi seach. Bhí go dtí deireadh na bliana 2003 ag na Ballstáit chun an Treoir seo a chur i bhfeidhm.

Tá cinneadh déanta ag 18 Ballstát chun dul thar riachtanais dlí an AE agus chun cosaint a thabhairt in áiteanna eile lasmuigh den láthair oibre. Tairgeann é seo cosaint do dhaoine leispiacha, homaighnéasacha, déghnéasacha agus trasinscne i réimsí cosúil le hoideachas, cosaint shóisialta, slándáil shóisialta agus cúram sláinte, mar aon le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí, lena n-áirítear tithíocht. Tá cosaint den chineál seo ag baill de mhionlaigh chiníocha agus eitneacha cheana féin faoin Treoir um Chomhionannas Ciníoch 2000/43/CE.

Cosaint Dhlíthiúil i mBallstáit an AE

In ocht mBallstát (an Bheilg, an Bhulgáir, an Ghearmáin, an Spáinn, an Ostair, an Rómáin, an tSlóivéin agus an tSlóvaic) ní chlúdaíonn reachtaíocht frithidirdhealaithe ar fhoras an chlaonta ghnéasaigh an réimse fostaíochta amháin, ach clúdaítear freisin réimsí breise a shonraítear sa Treoir um Chomhionannas Ciníoch.

I ndeich mBallstát (Poblacht na Seice, Éire, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, an Ísiltír, an Fhionlainn, an tSualainn, agus an Ríocht Aontaithe) táthar tar éis an reachtaíocht frithidirdhealaithe a leathnú beagán chun réimsí breise lasmuigh den fhostaíocht a chlúdach.

I naoi mBallstát (an Danmhairg, an Eastóin, an Ghréig, an Fhrainc, an Iodáil, an Chipir, Málta agus an Pholainn) ní chlúdaíonn reachtaíocht frithidirdhealaithe ach na réimsí sin a luaitear sa Treoir um Chomhionannas Fostaíochta. Tá díospóireacht ar siúl san Eastóin, sa Fhrainc, sa Ghréig agus sa Pholainn i láthair na huaire maidir leis na réimsí sin atá luaite sa reachtaíocht a leathnú.

In ainneoin na cosanta dlíthiúla seo a bheith ann, is minic go roghnaíonn daoine LGBT gan claonadh gnéasach ná féiniúlacht ghnéis a chur in iúl sa láthair oibre ar eagla go mbeadh tionchar diúltach ag a leithéid orthu. Is minic go mbíonn ar dhaoine atá oscailte faoina gcuid gnéasachta déileáil le heisiamh ó chúrsaí sóisialta, le ciapadh fisiciúil agus béil, agus is minic nach mbíonn na deiseanna fostaíochta céanna i ndán dóibh ach oiread. Bíonn ar dhaoine LGBT déileáil le hidirdhealú i réimsí eile cosúil le hoideachas agus cúram sláinte. Is minic go gciallaíonn bulaíocht agus baisteachán ar scoil go bhfágann céatadán ard den lucht LGBT an scoil ró-luath agus níl pleananna feiliúnacha i mórán scoileanna chun déileáil lena leithéid de chlaontacht. I ndáil le cúram sláinte, is minic go mbíonn ar dhaoine LGBT déileáil le dearcaí claonta ó ghairmithe sláinte, rud a d'fhéadfadh bac a chur orthu cóir leighis a lorg.

Comhlachtaí comhionannais

Leagann comhlachtaí comhionannais náisiúnta béim ar chaitheamh go cothrom le daoine, déanann siad taighde ar idirdhealú agus cuireann siad comhairle ar dhaoine a bhíonn ag déileáil le hidirdhealú. Faoi Dhlí an AE tá dualgas ar Bhallstáit comhlachtaí Comhionannais a bhunú a bheidh freagrach as ceisteanna gaolta le hidirdhealú ciníoch agus le hidirdhealú um chlaonadh gnéasach. Ní éilíonn an Treoir um Chomhionannas Fostaíochta go mbunófaí na comhlachtaí seo i ndáil le forais eile an idirdhealaithe, lena n-áirítear claonadh gnéasach. In ainneoin seo, tá níos mó ná mar atá sonraithe i dlí an AE déanta ag go leor Ballstát d'fhonn cosaint bhreise a thabhairt do dhaoine LGBT.

In **18 Ballstát** (an Bheilg, an Bhulgáir, an Ghearmáin, an Ghréig, an Fhrainc, Éire, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, an Ísiltír, an Ostair, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe) táthar tar éis comhlachtaí comhionannais aonair a bhunú a dhéileáil le gach foras idirdhealaithe. Sa tSualainn, bhí eagraíocht Ombudsman (HomO) ar leith ag déileáil le hidirdhealú um chlaonadh gnéasach agus is léir gur éirigh go maith leis an eagraíocht seo maidir le muinín a chothú i measc daoine a bhí ag déileáil le homaifóibe. I láthair na huaire, tá an tSualainn agus an Danmhairg ag obair chun comhlacht comhionannais amháin a bhunú ag déileáil le gach cineál idirdhealaithe.

I **naoi mBallstát** (Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Eastóin, an Spáinn, an Iodáil, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil agus an Fhionlainn) níl aon chomhlacht comhionannais iontu chun déileáil le hidirdhealú um chlaonadh gnéasach i láthair na huaire.

CEART COMHIONANN UM CHÓIR CHOMHIONANN

Tá toirmeasc ginearálta ar idirdhealú i measc liosta leathan foras, lena n-áirítear claonadh gnéasach, cuimsithe in Airteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha an AE. Ní chruthaíonn sin 'céimiúlacht foras' ina bhfuil cosaint mhíchothrom á fáil ag cineálacha áirithe idirdhealaithe. Tá ceart comhionann ar chóir chomhionann ag daoine. Ciallaíonn é seo gur cheart an toirmeasc ar idirdhealú um chlaonadh gnéasach a leathnú chun cosaint a thairiscint lasmuigh de réimse na fostaíochta, le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí san áireamh, ar an tslí chéanna a ndéantar idirdhealú ar fhorais chiníocha nó eitneacha.

Tá an fógrán seo bunaithe ar dhá thuarascáil: *An Homafóibe agus an tIdirdhealú ar fhorais an Treoshuimh Ghnéasaigh agus na Féiniúlachta Inscne i mBallstáit an AE - Cuid 1 Anailís dhlíthiúil* a foilsíodh ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) i mí an Mheithimh 2008 agus *An Homafóibe agus an tIdirdhealú ar fhorais an Treoshuimh Ghnéasaigh agus na Féiniúlachta Inscne i mBallstáit an AE - Cuid II: An Scéal ó thaobh Cúrsaí Sóisialta* a foilsíodh i mí an Mhárta 2009.

Tabhair faoi deara go gcosnaítear, faoi dhlí an AE, daoine trasghnéasacha, ach ní gá gurb ionann sin agus trasinscne, in aghaidh idirdhealú ar fhorais, gnéis' i gcomhthéacs fostaíochta. Tá míniú ar chearta daoine trasinscne le fáil san fhoilseachán dar teideal, 'Challenges Facing Transgender Persons'.

Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag: <http://fra.europa.eu>

Is féidir gach foilseachán ó Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha a ordú saor in aisce óna suíomh gréasáin.

I gcás ceisteanna maidir leis an aistriúchán seo téigh i gcomhairle le do thoil leis an leagan Béarla, atá mar bhunleagan agus leagan oifigiúil na cáipéise seo.